# COIMISIÚN NA HÉIREANN UM CHEARTA AN DUINE AGUS COMHIONANNAS

## Eolas fúinne agus faoina ndéanaimid

Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas
Irish Human Rights and Equality Commission

# ÁR GCUSPÓIR

Is é Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas foras náisiúnta na hÉireann um chearta an duine agus comhlacht náisiúnta na hÉireann um an gcomhionannas. Bunaíodh muid an 1 Samhain 2014 mar chomhlacht poiblí neamhspleách, agus is é an cuspóir atá againn cearta an duine agus an comhionannas in Éirinn a chosaint agus a chur chun cinn agus cultúr measa ar chearta an duine, ar an gcomhionannas agus ar thuiscint idirchultúrtha ar fud shochaí na hÉireann a thógáil. Is é ár sprioc go mbeadh Éire chothrom agus chuimsitheach againn, ina mbaineann gach duine, i ngach áit, tairbhe iomlán as cearta an duine agus comhionannas.

Faoinár reachtaíocht bhunaidh, an tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, ní mór dúinn tabhairt faoinár bhfeidhmeanna i mbealach a thacaíonn le forbairt sochaí mar seo a leanas:

- sochaí ina bhfuil meas ar chearta daonna gach duine, agus ina gcosnaítear iad;
- sochaí ina bhfuil meas ar dhínit agus ar luach gach duine;
- sochaí ina gcinntítear nach bhfuil srian ar chumas duine a lánacmhainneacht a bhaint amach mar gheall ar chlaontacht, ar idirdhealú, nó ar fhaillí;
- sochaí ina bhfuil deis chothrom agus chomhionann ag gach duine páirt a ghlacadh i saol geilleagrach, polaitiúil, sóisialta nó cultúrtha an Stáit;
- sochaí ina bhfuil meas ag daoine ar a chéile, ina bhfuil meas acu ar an gcomhionannas agus ar chearta an duine, agus ina dtuigeann siad an luach atá le héagsúlacht i sochaí.

Cosnaíonn an Coimisiún cearta an duine agus comhionannas trí chéile, agus mar a leagtar amach sa Bhunreacht, i reachtaíocht náisiúnta um chearta an duine agus comhionannas, sa Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, i ndlí an Aontais Eorpaigh, agus sna conarthaí agus coinbhinsiúin idirnáisiúnta ar fad atá Éire tiomanta dá n-urramú, dá gcosaint agus dá gcomhlíonadh.

# EOLAS FAOINA NDÉANAIMID

Tá bealaí éagsúla againn chun cearta an duine agus an comhionannas a chosaint agus a chur chun cinn. Tá réimse leathan i gceist leo sin, ó chumhachtaí forfheidhmithe go rannpháirtíocht i gcomhpháirtíochtaí le grúpaí ar fud na sochaí chun athrú a chumasú a fheabhsóidh saol daoine.

## Feidhmeanna Foriomlána

Is iad ár bhfeidhmeanna foriomlána:

- cearta an duine agus an comhionannas a chosaint agus a chur chun cinn;
- forbairt cultúr measa ar chearta an duine, comhionannas agus tuiscint idirchultúrtha a spreagadh sa Stát;
- tuiscint agus feasacht ar thábhacht chearta an duine agus an chomhionannais a chur chun cinn sa Stát;
- dea-chleachtas i gcaidrimh idirchultúrtha a spreagadh, caoinfhulaingt don éagsúlacht agus glacadh léi sa Stát a chur chun cinn, agus meas ar shaoirse agus dínit gach duine a spreagadh; agus
- oibriú i dtreo deireadh a chur le sáruithe ar chearta an duine agus idirdhealú.

## Feidhmeanna Sonracha

Áirítear i measc ár bhfeidhmeanna sonracha:

- eolas a thabhairt don phobal faoi chearta an duine agus comhionannas;
- cúnamh praiticiúil a thabhairt, agus cúnamh dlí do dhaoine chun a gcearta a chosaint ina measc;
- athbhreithniú ar éifeachtacht dhlí, bheartas agus chleachtas chearta an duine agus an chomhionannais sa Stát;

- iarratas a dhéanamh leis an Ard-Chúirt, an Chúirt Achomhairc nó an Chúirt Uachtarach ar chead chun teacht ina láthair mar amicus curiae, nó 'cara na cúirte', i gcásanna a bhaineann le comhionannas nó cearta daonna duine ar leith;
- cabhrú le comhlachtaí poiblí tabhairt faoina bhfeidhmeanna ar bhealach a dhíbríonn idirdhealú agus a chuireann comhionannas deiseanna chun cinn;
- cabhrú le comhlachtaí poiblí tabhairt faoina bhfeidhmeanna ar bhealach a chosnaíonn cearta daonna na foirne agus an phobail a dtugann an comhlacht poiblí seirbhís dóibh;
- tacú le cláir gníomhaíochtaí agus tionscadal chun imeascadh imirceach agus mionlach eile a chur chun cinn, chomh maith le comhionannas (comhionannas inscne san áireamh) agus meas ar éagsúlacht agus ar dhifríocht chultúrtha;
- tabhairt faoi thaighde agus tacú le gníomhaíochtaí taighde;
- oideachas agus oiliúint a chur ar fáil, nó cabhrú lena gcur ar fáil.

Is é an Coimisiún foras náisiúnta na hÉireann um chearta an duine agus tá aitheantas ó na Náisiúin Aontaithe aige dá réir. Is muid comhlacht comhionannais náisiúnta na hÉireann freisin. Sna comhthéacsanna sin, is é ár gcuspóir a chinntiú go gcuirtear dlí idirnáisiúnta agus na hEorpa um chearta an duine agus dlí an Aontais Eorpaigh in aghaidh idirdhealú agus um chomhionannas i bhfeidhm in Éirinn.

Éilítear faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta (Bhéal Feirste) go mbeadh comhlachtaí láidre, neamhspleácha chearta an duine agus comhionannais ó thuaidh agus ó dheas ar oileán na hÉireann.

Oibrímid le Coimisiún Thuaisceart Éireann um Chearta an Duine agus le Coimisiún Comhionannais Thuaisceart Éireann chun cultúr láidir ceart a bhaint amach sa dá dhlínse.

# EOLAS FÚINNE

Bíonn an Coimisiún á stiúradh ag an bPríomh-Choimisinéir agus tá 14 chomhalta eile ar an gCoimisiún. Éilítear sa reachtaíocht bhunaidh gur mná seachtar comhaltaí ar a laghad agus gur fir seachtar comhaltaí ar a laghad.

## An Príomh-Choimisinéir

Emily Logan

## Comhaltaí an Choimisiúin

- Teresa Blake SC
- Frank Conaty
- Patrick Connolly
- An tOllamh Caroline Fennell
- Heydi Foster Breslin
- Tony Geoghegan
- David Joyce
- Salome Mbugua
- Sunniva McDonagh SC
- An tOllamh Siobhán Mullally
- An tOllamh Ray Murphy
- An Dr Fidèle Mutwarasibo
- Colm O'Dwyer SC
- Orlagh O'Farrell

Roghnaítear comhaltaí uile an Choimisiúin trí chomórtas oscailte, agus ceapann Uachtarán na hÉireann, Micheál D. Ó hUigínn, iad. Tá an Coimisiún cuntasach don Oireachtas dá fheidhmeanna reachtúla agus dá mhaoiniú.

## An Stiúrthóir

Is é Laurence Bond an Stiúrthóir agus an tOifigeach Cuntasaíochta agus stiúrann sé an fhoireann.

Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas
Irish Human Rights and Equality Commission

Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine
agus Comhionannas
16-22 Sráid na Faiche
Baile Átha Cliath 7
Éire

Guthán: +353 1 8589601
Ríomhphost: info@ihrec.ie
Gréasán: www.ihrec.ie

Tá níos mó eolais faoinár gcuid oibre ar fáil ar
**www.ihrec.ie** nó lean an Coimisiún ar
**@_IHREC** **@_ihrec** nó **linkedin**